

**Comhthuarascáil ón
gCigireacht Oideachais
agus Oiliúna agus ó
Chigireacht na Roinne
Oideachais agus Scileanna
faoin Litearthacht a Chur
Chun Cinn agus a
Fheabhsú in Iar-
Bhunscoileanna**

Aibreán 2015



AN CHIGIREACHT



Providing Inspection Services for

Department of Education
Department for Employment and Learning
Department of Culture, Arts and Leisure



Gluais de ghiorrúcháin agus téarmaíocht a úsáidtear sna sleachta tráchttaireachta agus sa tuarascáil

CCS [QWC]	Cáilíocht na Cumarsáide Scríofa – a mheastar i scrúduithe poiblí i dTuaisceart Éireann
COO [ETI]	Cigireacht Oideachais agus Oiliúna
CRanna [HODs]	Cinn Roinne
CSTS [JCSP]	Idirghabháil náisiúnta is ea Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh dóibh siúd a d'fhéadfadh scoil a fhágáil go luath
DCCB [PIE]	Dul Chun Cinn sa Bhéarla – Measúnú caighdeánach ar chumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta dalta.
EC [KS]	Eochairchéim – féach aguisín 9.2
ECFE [OECD]	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
FMS [SSE]	Féinmheastóireacht Scoile
Grúpthástáil Léitheoireachta Nua	Measúnú caighdeánach ar litearthacht léitheoireachta
Idirbhliain [TY]	Idirbhliain – clár bliana a ghlactar i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí agus roimh chlár na hArdteistiméireachta a fheidhmíonn mar dhroichead idir an dá chlár.
ITES [ESRI]	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
LDCCanna [LOPs]	Leibhéil Dul Chun Cinn
McF [AfL]	Measúnú chun Foghlama
PISA [PISA]	<i>Programme for International Student Assessment</i>
RO [DE]	An Roinn Oideachais
ROS [DES]	An Roinn Oideachais agus Scileanna
SFGM [PDST]	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
TCC [CAT]	Tástálacha Cumas Cognaíochta
TFC [ICT]	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
TGMO [GCSE]	Teastas Ginearálta an Mheánoideachais – féach aguisín 9.2
TGO [GCE]	Teastas Ginearálta Oideachais – féach aguisín 9.2
<i>Together Towards Improvement</i>	Cáipéis COO chun cuidiú le féinmheastóireacht scoile

Clár

Rannán

Leathanach

	Brollach	
1.	Réamhrá	1
2.	Cén fáth go bhfuil an litearthacht tábhachtach?	1
3.	Cad iad na dúshláin a bhaineann le forbairt na litearthachta ógánta?	3
4.	Cad is oideolaíocht litearthachta mhaith d'ógánaigh ann?	4
5.	Conas is féidir an litearthacht a threorú, a chomhordú agus a chothú in iar-bhunscoileanna?	7
6.	Cad is pleanáil éifeachtúil ann don litearthacht?	11
7.	Conas is féidir leis an measúnú tacú le forbairt na litearthachta?	14
8.	An bealach chun cinn	16
	Aguisín 1 – Scoileanna rannpháirteacha	18
	Aguisín 2 – Córais scoile	19
	Aguisín 3 – Foilseacháin ábhartha	20

Brollach

Déantar forbairt sa tuarascáil seo ar obair chomhoibríoch thábhachtach ina raibh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) páirteach in imeacht roinnt mhaith blianta.


Tá an-tábhacht leis an obair a rinneadh le déanaí ar an litearthacht don dá dhlínse ar an oileán, ag eascairt as an tuiscint go bhfuil dea-cháilíocht teagaisc agus foghlama sa litearthacht riachtanach do rath an fhoghlaimora i réimsí uile na foghlama. Leanann an tuarascáil seo ar aghaidh ó obair dá leithéid a rinneadh i mbunscoileanna le déanaí, ach díríonn ar an litearthacht agus an foghlaimoir ógánta.

Is amhlaidh a bhí an deis ag gach údar de chuid na tuarascála seo oibriú in éineacht lena chéile comhionann sa dlínse eile mar chuid den chlár um Malartú Cigirí Thuaidh-Theas, rud a neartaíonn an bonn leis an obair seo.

Cuirimid fáilte roimh an bhfoilseachán seo agus molaimid é dóibh siúd uile a bhfuil suim acu san oideachas, go háirithe dóibh siúd a mbaineann a gcuid oibre le cothú ardchaighdeán na litearthachta. Agus muid ag déanamh amhlaidh, is mian linn ár mbuíochas a ghabháil leis na cigirí, ón dá Chigireacht, a thiomsaigh an tuarascáil seo, is iad sin: Elizabeth Armour (COO) agus Kevin O'Donovan (Cigireacht ROS).



Harold Hislop, Príomhchigire ROS



Noelle Buick, Príomhchigire COO

1. Réamhrá

Faoin gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas, choimisiúnaigh an Grúpa Oibre um an Litearthacht agus an Uimhearthacht an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) chun taighde agus tuairisciú a dhéanamh i gcomhpháirt lena chéile maidir le príomhghnéithe an teagaisc agus na foghlama rathúla ag leibhéal na bunscoile.¹ I ngeall ar a fheabhas agus a d'éirigh leis an gcomhfhiontar seo, choimisiúnaigh an Grúpa Oibre dhá thuarascáil eile chun an dea-chleachtas ag leibhéal na hiar-bhunscoile a shainaithint. Is í an tuarascáil seo an chéad cheann² díobh seo agus díríonn sí go sainiúil ar an gcaoi is fearr leis an litearthacht a chur chun cinn agus a fheabhsú ar fud an churaclaim.

Cé gur measadh, san am atá thart, gur ag roinn an Bhéarla amháin a bhí an ról chun scileanna litearthachta scoláirí a fhorbairt, de réir a chéile tá aitheantas agus béim ag teacht ar a thábhachtaí agus atá sé go mbeidh ár ndaoine óga ábalta na scileanna seo a úsáid agus a chur i bhfeidhm. Tá straitéisí nua forbartha agus seolta ag an dá roinn - an Roinn Oideachais (RO) agus ROS, (*Count, Read: Succeed*, RO, 2011; agus *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol*, ROS, 2011) ina leagtar béim ar an dearcadh níos leithne seo.

Le blianta beaga anuas, d'fhoilsigh gach Cigireacht ar leith tuarascálacha ar an mBéarla ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ach is í aidhm na tuarascála seo ná an fócas a leathnú níos faide amach ná an seomra ranga Béarla agus dearcadh níos leithne a ghlacadh maidir leis an gcaoi inar féidir scileanna litearthachta ár ndaoine óga a fhorbairt. Chuige seo, sainaithneofar sa tuarascáil seo an dea-chleachtas sa litearthacht ar fud an churaclaim. Ina theannta sin, chun an léitheoir a mhealladh – is iad sin ceannairí scoile agus ábhair agus múinteoirí in iar-bhunscoileanna – agus chun samplaí den dea-chleachtas a sholáthar, áiríonn an tuarascáil sleachta ó thráchtairachtaí a scríobh na deich scoil a bhí páirteach.

Tá tátail na tuarascála bunaithe don chuid is mó ar chomhchuariteanna a rinneadh ar cheithre scoil – dhá cheann sa Tuaisceart agus dhá cheann sa Deisceart (féach aguisín 1). Chuimsigh na ceachtanna seo breathnuithe ar cheachtanna agus cruinnithe leis an bhfoireann ábhartha, lena n-áirítear na ceannairí ábhair/cinn roinne (CRanna) ar ábhair eile. I measc na gceachtanna ar tugadh cuairt orthu bhí ábhair a dúirt na scoileanna go raibh tionchar suntasach acu ar fhorbairt litearthachta a gcuid scoláirí. Tugadh cuireadh do gach scoil freisin tráchtairacht a scríobh ar a soláthar litearthachta, ar an gcaoi ina mbainistítear é, agus ar an tionchar a bhí aige.

Chomh maith leis na ceithre scoil ar tugadh cuairt orthu, tugadh cuireadh do thrí scoil eile i ngach dlínse tráchtairacht a scríobh.

2. Cén fáth go bhfuil an litearthacht tábhachtach?

Labhair tuarascáil de chuid an Aontais Eorpaigh le déanaí faoi 'ghéarchéim litearthachta a théann i gcion ar gach tír san Eoraip' agus dhírigh aird ar an tábhacht lárnach atá aici sna seansanna saoil atá ar fáil do dhaoine óga:

¹ <http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-primary/surveys-evaluations-primary-2010/a-joint-report-by-eti-and-des-on-how-best-to-promote-and-improve-literacy-and-numeracy-in-our-scoileanna-dec-2010.pdf>

² Is í an dara tuarascáil an tuarascáil chomhghabhálach a dhíríonn ar an uimhearthacht.

Má bhaineann fás cliste le heolas agus le nuálaíocht, tá infheistíocht sna scileanna litearthachta riachtanach chun an fás sin a bhaint amach ... Tá an focal scríofa, ar líne agus i gcló, i réim inár saol. Ciallaíonn sé sin nach féidir linn páirt a ghlacadh go héifeachtúil ach amháin más féidir linn léamh agus scríobh maith a dhóthain. Ach, gach bliain, tosaíonn na mílte leanaí sa mheánscoil agus iad dhá bhliain ar chúl sa léitheoireacht; fágann cuid acu agus iad níos faide fós ar chúl ar a bpiaraí... Baineann an litearthacht le cumas na ndaoine feidhmiú sa sochaí mar dhaoine príobháideacha, mar shaoránaigh ghníomhacha, mar fhostaithe nó mar thuismitheoirí... Baineann an litearthacht le féinmheas na ndaoine, a n-idirghníomhaíocht le daoine eile, a sláinte agus a n-infhostaitheacht. Sa deireadh thiar thall, baineann an litearthacht le cibé an bhfuil sochaí réidh don todhchaí nó nach bhfuil.

Grúpa Ardleibhéil AE de Shaineolaithe ar an Litearthacht, 2012

Tá gá le soiléire anseo maidir leis an mbrí atá leis an téarma 'litearthacht'. Sna sainmhínithe seo a leanas ón dá dhlínse cuimsítear an taighde reatha maidir le nádúr na litearthachta:

Is éard is litearthacht ann ná an cumas le heolas scríofa a léamh agus a úsáid agus le scríobh go hiomchuí agus go hinléite, agus aidhmeanna, comhthéacsanna, nósmaireachtaí agus luchtanna léitheoireachta éagsúla á gcur san áireamh. Baineann sé le forbairt ar: cur chuige comhtháite maidir le sealbhú na scileanna cainte, éisteachta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta ar fud an churaclaim; eolas a cheadaíonn do chainteoir, scríbhneoir agus léitheoir teanga a úsáid atá iomchuí do chúinsí sóisialta éagsúla; teanga fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil ar fud réimse uile na hidirghníomhaíochta sóisialta.

Count Read: Succeed – a strategy to improve outcomes in literacy and numeracy

Go traidisiúnta nuair a smaoiníomar ar **litearthacht** smaoiníomar ar na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta; ach sa lá atá inniu ann leis an tuiscint atá againn ar an litearthacht tá i bhfad níos mó i gceist ná sin. Is é atá i gceist sa litearthacht ná an cumas le bheith in ann na cineálacha éagsúla den chumarsáid a léamh, a thuiscint agus léirithuiscint chriticiúil a bheith againn dóibh, an teanga labhartha, téacs clóite, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha ina measc. Nuair a dhéanaimid tagairt don "litearthacht" ... is é atá i gceist againn ná an tuiscint leathan seo ar an scil, an labhairt agus éisteacht ina measc, chomh maith leis an gcumarsáid ina n-úsáidtear ní hamháin an scríbhneoireacht agus prionta traidisiúnta ach na meáin dhigiteacha freisin.

*Litearthacht agus Uimhearhacht don Fhoghlaim agus don Saol:
An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearhacht a Fheabhsú i measc
Leanaí agus Dhaoine Óga*

Tugtar tacaíocht freisin do na sainmhínithe seo sa dearcadh ar an litearthacht a luaitear sa chlár um mheasúnú scoláirí idirnáisiúnta *Programme for International Student Assessment* (PISA) de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) a dhéanann measúnú ar fheidhmíocht léitheoireachta scoláirí ógánta thar réimse de thíortha. Luaigh an tuarascáil do PISA 2012:

Sainmhíníonn PISA an litearthacht léitheoireachta mar thuiscint, úsáid, athmhachnamh agus dul i ngleic le téacsanna scríofa, d'fhonn cuspóirí a bhaint amach, d'fhonn eolas agus cumas a fhorbairt agus d'fhonn páirt a ghlacadh sa sochaí (ECFE, 2009) ... Cuimsíonn sainmhíniú PISA ar an litearthacht léitheoireachta an réimse de staidéanna ina léann daoine, na bealaí éagsúla ina gcuirtear téacsanna scríofa i láthair trí mheáin éagsúla, agus éagsúlacht na mbealaí ina dtéann léitheoirí i ngleic le téacsanna agus ina n-úsáideann siad iad, ón mbealach feidhmiúil agus finideach, ar nós píosa ar leith d'eolas praiticiúil a aimsiú, go dtí an

rud atá domhain agus forleathan, amhail tuiscint ar na bealaí atá ag daoine eile le gníomhú, le smaointeamh agus le bheith.

PISA 2012 Results: What Students Know and Can Do

Mar sin, áiríonn an litearthacht ní hamháin an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht, ach freisin caint agus éisteacht, chomh maith leis an gcumas le teanga a úsáid agus a mheas go criticiúil ar fud réimse uile na hidirghníomhaíochta sóisialta, an réimse digiteach san áireamh. Tá sé tábhachtach a mheabhrú, go gcuimsíonn na sainmhínithe uile seo an tuairim go mbaineann an litearthacht leis na foghlaimeoirí uile.

3. Cad iad na dúshláin a bhaineann le forbairt na litearthachta ógánta?

Le blianta beaga anuas tá tábhacht curtha le béim a choinneáil ar fhorbairt na litearthachta níos faide anonn ná an bhunscoil. I gcomhthéacs na tuarascála seo, tá ábharthacht ar leith leis an smaointeoireacht reatha maidir leis na dúshláin litearthachta ar leith a bhíonn roimh ógánaigh. Dúshlán suntasach sa réimse seo is ea an tuairim a thugann le tuiscint go gcríochnaítear an fhoghlaim litearthachta uile i mblianta an bhunoideachais. Ach tá tacaíocht leanúnach d'fhorbairt leanúnach scileanna litearthachta na n-ógánach ar feadh na mblianta san iar-bhunoideachas riachtanach sna hábhair uile, ar réimse de chúiseanna.

Agus iad ag fás aníos, agus i saol an duine fásta, tugann **foghlaimeoirí** aghaidh ar éilimh agus ar thascanna litearthachta a bhíonn níos casta de réir a chéile: bíonn téacsanna níos faide agus baineann siad le réimsí ábhair éagsúla; méadaítear ar fhad agus ar chastacht abairtí; méadaítear ar dhúshláin na gcoincheap; tarlaíonn cuir i láthair ghrafacha níos minice agus is féidir leo téacsanna a dhéanamh níos casta, murab ionann agus níos simplí. Mar sin, ní mór do na foghlaimeoirí stór focal a shealbhú in ábhair agus thar ábhair; ní mór dóibh a bheith níos cumasaí in úsáid chuí na straitéisí tuisceana éagsúla; ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoi úsáid na teanga chun tacú le scileanna smaointeoireachta thar réimse de dhisciplíní; agus ní mór dóibh tarraingt ar eolas cúlra níos fairsinge. Cuirfidh sé seo ar chumas na bhfoghlaimeoirí an fhoghlaim a rochtain sna réimsí ábhair uile agus ina saolta fásta. Tugtar achoimre ar an dúshlán atá roimh an bhfoghlaimeoir ógánta sa sliocht seo a leanas as an ráiteas staide ar litearthacht ógánta de chuid an Chumainn Léitheoireachta Idirnáisiúnta (*International Reading Association*):

De réir mar a éiríonn téacsanna níos casta, ilmhódach agus riachtanach don fhoghlaim a bhaineann le disciplín ar leith, ní mór do scoláirí i meánscoileanna agus ardscoileanna dul i dtraithí trí straitéisí níos forbartha agus níos sainiúla a úsáid do thuiscint níos doimhne agus do chumadóireacht.

Public: International Reading Association, 2012

Is fiú a mheabhrú freisin i dtaighde le blianta beaga anuas, gur leagadh fócas ar leith ar roinnt gnéithe tábhachtacha a chinntíonn go mbíonn tacaíocht éifeachtúil ann chun an litearthacht ógánta a fhorbairt thar réimsí ábhair i seomraí ranga príomhshrutha. Áiríonn siad seo, go háirithe:

- stór focal a theagasc go soiléir;
- straitéisí tuisceana a theagasc go soiléir;
- deiseanna do phlé leathnaithe ar théacsanna;

- méadú ar inspreagadh agus rannpháirtíocht na scoláirí i ngníomhaíochtaí litearthachta; agus
- dian-idirghabhálacha aonair a chur ar fáil do léitheoirí a bhfuil deacrachtaí acu, is féidir le speisialtóirí cáilithe a sholáthar.

National Center for Education Evaluation and Regional Assistance, 2008

Dúshlán eile is ea an bealach ina mbíonn na “cleachtais litearthachta i saol na n-ógánach ... scartha go minic ó na riachtanais litearthachta acadúla nach mór do scoláirí a shásamh ar scoil” (*International Reading Association, 2012*). Cé gur féidir neart gníomhaíochtaí scoile a bheith bunaithe ‘beagnach go hiomlán ar chló’, de réir a chéile tá cleachtais litearthachta na n-ógánach lasmuigh den scoil ‘digiteach níos mó agus níos mó: dúshlán suntasach atá roimh mhúinteoirí agus scoileanna’ (*Final Report of the EU High Level Group of Experts on Literacy 2012*). D’fhéadfaí inspreagadh na n-ógánach uile a ‘ghríosadh níos mó ag ábhair léitheoireachta inscoile atá ag teacht le roghanna lasmuigh den scoil’ (*Final Report of the EU High Level Group of Experts on Literacy 2012*).

4. Cad is oideolaíocht litearthachta mhaith d’ógánaigh ann?

Sa dá dhlínse, i gcás tuarascálacha cigireachta le déanaí, chomh maith le cuairteanna a rinneadh mar chuid den tionscadal seo, díriodh aird ar an ngá atá ann go mbeadh ionchais arda ag múinteoirí maidir le gnóthachtáil na bhfoghlaimeoirí sa litearthacht. Do *mhúinteoirí* na n-ábhar uile is ionann sin agus an cheist a chur, ‘Cad é an bealach is fearr inar féidir liom freastal ar riachtanais litearthachta na bhfoghlaimeoirí ógánta os mo chomhair?’ Is ionann é agus smaoinemh faoi na cineálacha d’eispéiris litearthachta a chuirtear ar fáil do dhaoine óga. Uaireanta cuirfead na heispéiris seo ar fáil trí obair chomhoibríoch le ranna eile; ach tiocfaidh an tionchar is mó ar na foghlaimeoirí ó na cleachtóirí uile, sna timpeallachtaí foghlama uile, ag cinntiú, trí oideolaíocht nuálaíoch agus chruthaitheach, go mbeidh ar chumas na bhfoghlaimeoirí uile taitneamh a bhaint as a scileanna teanga agus iad a fhorbairt. Spreagfar iad le turgnamh a dhéanamh agus rioscaí a ghlacadh le teanga, ag ligean dóibh a dtuiscint agus a n-úsáid teanga a fhiosrú, a fhionnadh agus a fhorbairt. Mar sin, tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa litearthacht ar fud an churaclaim bunúsach i rath na n-ógánach san iar-bhunscoil. Ní mór teagasc agus foghlaim a phleanáil agus a dhearadh chun na foghlaimeoirí uile a bhogadh ón áit a bhfuil siad go dtí an áit is gá dóibh a bheith. Chuige seo, tá sé go tábhachtach an dea-chleachtas a aithint agus a chomhroinnt d’fhonn cuidiú le feabhsúchán leanúnach a chothú.

Ní mór do mhúinteoirí sna hábhair uile a bheith ar an eolas faoin bhfreagracht atá orthu feidhmiú mar eiseamláir in úsáid teanga. Bhí cuir chuige a bhí bunaithe ar an dearcadh seo maidir le freagrachtaí na múinteoirí le sonrú sna scoileanna a ghlac páirt sa tionscadal seo. Sna réimsí uile den churaclam ba chóir do mhúinteoirí deiseanna a chruthú le stór focal agus suim na bhfoghlaimeoirí sa teanga a fhorbairt mar thaca riachtanach don fhoghlaim. Ba chóir teagasc soiléir de scileanna tuisceana a úsáid, nuair is cuí, ar fud an churaclaim.

Bíonn teagasc agus foghlaim i bhforbairt scileanna litearthachta ar ardchaighdeán nuair a bhíonn na nithe seo ann:

- úsáidtear ceistiúchán maith chun foghlaim agus tuiscint do chách a chur chun cinn;
- mothaíonn foghlaimeoirí muiníneach as athmhachnamh agus as am a ghlacadh le freagairt, ceistiú agus cúnaimh a lorg;

- bíonn cur chun cinn na cainte agus na héisteachta, a bhfuil scileanna smaointeoireachta ardleibhéal mar thoradh air, ina ghné rialta de cheachtanna;
- spreagann múinteoirí na foghlaimeoirí le feasacht agus tuiscint ar stór focal a fhorbairt agus ar chumas agus cumhacht teanga maidir lena bhfoghlaime;
- tugtar an deis d'fhoghlaimeoirí labhairt faoina bhfoghlaime agus snas a chur ar a scileanna sa chaint agus san éisteacht, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht;
- múintear go soiléir an úsáid chuí as réimse leathan de straitéisí tuisceana;
- cuirtear dearcadh dearfach chun cinn i leith na héisteachta, na cainte, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta;
- tugtar an deis d'fhoghlaimeoirí obair i bpéirí agus grúpaí atá eagraithe go héifeachtúil mar bhealach chun a scileanna litearthachta, a dtuiscint agus a gcuid eolais a fhorbairt;
- cuidíonn múinteoirí leis na foghlaimeoirí a scileanna béil, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt trí chur chuige le scafaill, ag gluaiseacht faoi luas cuí ón obair le tacaíocht iomlán, chuig obair leath-neamhspleách agus ar deireadh chuig obair neamhspleách; agus
- baintear úsáid éifeachtúil as TFC chun tacú le forbairt litearthachta na bhfoghlaimeoirí agus rannpháirtíocht le teanga.

Tá forbairt scileanna béil na bhfoghlaimeoirí bunúsach dá bhforbairt litearthachta laistigh agus ar fud ábhar. Tá sé tábhachtach aitheantas agus meas a thabhairt do theanga ghnáthshaol na bhfoghlaimeoirí. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh tuiscint freisin ag na foghlaimeoirí ar na cineálacha teanga ó bhéal ba chóir a úsáid thar chomhthéacsanna agus nuair atáthar ag caint le luchtanna éisteachta éagsúla. Ba chóir do mhúinteoirí, go háirithe, pleanáil go sainiúil don bhfoghlaime a bhfuil siad ag súil léi mar thoradh ar chaint agus éisteacht. Ba chóir teanga na ndisciplíní ábhair a mhúnlú agus a chothú ag múinteoirí seomra ranga, agus an seomra ranga ag soláthar neart deiseanna do na foghlaimeoirí an teanga seo a úsáid iad féin i bplé lena bpiaraí agus lena múinteoirí. Tá sé seo riachtanach toisc go mbeidh cuir chuige dá leithéid mar threoir agus mar thaca le scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus smaointeoireachta na bhfoghlaimeoirí.

Coláiste Pobail Ghleann Maighir, Gleann Maighir, Contae Chorcaí – Caint agus éisteacht a chothú

Ag leanúint ar aghaidh ón mbéim tosaigh a leagamar ar an léitheoireacht, cinneadh díriú ar scileanna cainte agus éisteachta. I ndiaidh ceardlainne foirne faisnéisí maidir le prionsabail na grúpoibre, a d'éascaigh an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), spreagadh baill foirne le: nochtadh a sholáthar arís agus arís eile do stór focal nua agus dá úsáid; dea-chaint agus éisteacht a mhúnlú, ag léiriú ionchas arda; deiseanna a sholáthar do ghrúpobair struchtúrtha; gabháil d'úsáid chuí as 'am feithimh'; deiseanna a sholáthar do phlé oscailte, leathnaithe; línte ceistiúcháin soiléire a úsáid lena n-áirítear ceisteanna ísealoird agus ardoird chun freagraí scoláirí a spreagadh; coincheapa a mhíniú go soiléir agus úsáid éifeachtúil as teanga a mhúnlú; aiseolas cuiditheach a sholáthar do scoláirí a thacaíonn le forbairt ar dheiseanna cainte agus éisteachta; deiseanna a sholáthar do phiarmheastóireacht agus féinmheastóireacht ar thascanna éisteachta agus cainte; agus deiseanna a chruthú do mheasúnú ó bhéil ag deireadh caibidlí, topaicí agus tascanna.

Coláiste Naomh Muire, Doire – Scileanna smaointeoireachta a fhorbairt

Dhírigh oiliúint foirne scoile uile le déanaí freisin ar an tábhacht atá le ceistiúchán éifeachtúil sa seomra ranga agus le tuiscint chomhroinnte a fhorbairt i measc na foirne maidir leis an gcaoi ina gcothaíonn ceistiúchán éifeachtúil scileanna smaointeoireachta ardoird. Gné chaighdeánach den oiliúint inseirbhíse is ea an dea-chleachtas a scaipeadh agus, mar shampla, roinn triúr múinteoirí a dtaithí ar cheistiúchán éifeachtúil leis an bhfoireann. Tháinig na múinteoirí a bhí i gceist ó ranna éagsúla sa scoil, roinn an Bhéarla san áireamh. Lean ranna den obair sa seisiún seo trí athbhreithniú a dhéanamh ar a ndearcadh reatha i leith an cheistiúcháin agus trí mhodhanna ceistiúcháin a ainmniú chun scileanna smaointeoireachta ardoird a chothú ina réimse ábhair.

San iar-bhunscoil, tiocfaidh na foghlaimeoirí ar réimse de stór focal nua agus casta atá de shíor ag leathnú. Tá sé iomchuí tacú leis na foghlaimeoirí stór focal nua a shealbhú, a thuiscint, a choinneáil agus a úsáid sna réimsí ábhair uile trí ghníomhaíochtaí béil, léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Taobh le focail a bhaineann go sainiúil le hábhar agus atá nasctha le disciplín ábhair ar leith, ní mór do scoileanna plé leis na focail sin nach bhfuil chomh comónta sin a d'fhéadfadh a bheith lasmuigh de ghar-eispéiris an fhoghlaimeora. Codanna d'fhocail a mhúineadh, amhail iarmhíreanna, réimíreanna agus fréamhacha; noda comhthéacs a úsáid; úsáid an fhoclóra a spreagadh; feasacht focal a chothú; agus léitheoireacht leathan a chothú - is cuir chuige iad seo uile atá ábalta tacú le forbairt bhreise ar stór focal na bhfoghlaimeoirí ógánta (*National Center for Reading First, 2008*).

Ardcoil Naomh Iósaf do Bhuachaillí, An tIúr, Contae an Dúin – Stór focal na bhfoghlaimeoirí a leathnú

Tá VOCP – (vocabulary/openings/connectives and punctuation) tugtha isteach againn sna seomraí Béarla UILE agus laistigh den seomra léitheoireachta. Mar scoil tá béim ar na nithe bunúsacha – litriú, poncaíocht, stór focal agus léitheoireacht. Spreagtar teanga béil agus forbairt an eolais go láidir i ngach rang. Tá straitéis scoile uile againn don litriú agus do chur i láthair shaothar na scoláirí lena n-áirítear oiliúint don fhoireann ar an gcaoi is fearr le litriú a theagasc. Tá leabhrán de stór focal cruthaithe againn atá comhtháite le scéim litrithe roinn an Bhéarla. Tá sé seo nasctha le taispeántas balla uilíoch de straitéisí litrithe atá curtha in oiriúint do riachtanais ábhair. Tá sé seo á ghiniúint anois do na ranna uile. Tá polasaí an “dorais oscailte” ann laistigh de roinn an Bhéarla do chomhairle litearthachta ar an bhfoireann ar fud na scoile uile.

Pobalscoil na nDomhnaí, Baile Átha Cliath – Is múinteoirí litearthachta iad na múinteoirí uile

Inár scoil tá timpeallacht cruthaithe againn ina bhfuil na múinteoirí uile ina múinteoirí litearthachta agus ní ábhair aonair amháin. Déanann na múinteoirí inár scoil iarracht leibhéal litearthachta a scoláirí a ardú, beag beann ar an ábhar atá idir lámha acu. Dhíríomar go mór ar thimpeallacht ábhair i bprionta a chruthú ina mbeidh ábhair taispeántais ag ár seomraí ranga. I ngach seomra ranga freisin tá clár fógraí dearg d'eochairfhocail ann ar a léirítear eochairfhocail a bhaineann leis an ábhar. Inár scoil creidimid gur féidir le saibhriú stór focal cuidiú linn leibhéal litearthachta a fheabhsú. Chuige seo, múineann na múinteoirí uile stór focal roimh ré ag tús na gceachtanna. Tá leabhráin do stór focal forbartha againn chun cuidiú linn é seo a dhéanamh. Tógann na scoláirí bunachar d'fhocail nua le húsáid ar an mbealach seo. Tá iarracht déanta againn freisin an litearthacht dhigiteach a fhorbairt sa scoil le tionscnamh ríomhairí glúine. Oibríonn ranganna ainmnithe ar chlár ar na ríomhairí glúine amhail Lexia, Comic Life agus Inspiration. Inár scoil measaimid go bhfuil an litriú an-tábhachtach chun cuidiú le scoláirí a leibhéal litearthachta a fheabhsú. Bíonn comórtas litrithe againn i mí na Nollag gach bliain le scoláirí na chéad bhliana. Ullmhaíonn na múinteoirí ranga na ranganna aonair don chomórtas litrithe.

Mar atá le neart réimsí d'fhoghlaim ógánta, is gné thábhachtach é an t-inspreagadh i dtacú le forbairt na litearthachta. Agus é seo san áireamh, is fiú smaoineamh ar na nithe seo a leanas mar bhealaí chun an fhoghlaim a chur chun cinn: deiseanna do chomhrá agus do chomhoibriú le piaraí i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an litearthacht; raon de roghanna a sholáthar nuair atá téacsanna á roghnú; muinín na scoláirí a thógáil ina gcumas léitheoireachta féin; agus nascadh leis na cineálacha gníomhaíochtaí litearthachta, lena n-áirítear an litearthacht dhigiteach, a ngabhann na foghlaimeoirí leo sa domhan lasmuigh den scoil.

Acadamh Dhroichead na Banna, Contae an Dúin – Dearcadh dearfach ar an litearthacht a chur chun cinn

Eagraítear raon de thionscnaimh chun dearcadh dearfach a chur chun cinn i leith gníomhaíochtaí litearthachta. Áiríonn siad seo comórtais scríbhneoireachta, comórtais litrithe agus léamhatón. Tá siad seo nasctha go himheánach le córas tithe na scoile, nó go seachtrach le heagraíochtaí cuí. Baintear úsáid as roinnt uirlisí measúnaithe chun sonraí bonnlíne agus tagarmharcála a sholáthar, lena n-áirítear trialacha caighdeánacha, marcanna measúnaithe foirmitheacha agus torthaí scrúduithe inmheánacha. Féachaimid le haghaidh a thabhairt ar thearcghnóthachtáil sa litearthacht trí thacaíocht oiriúnaithe do na scoláirí sin a bhfuil cúnamh breise de dhíth orthu – Scéim is ea ‘Helping Hands’ a chruthaíonn ról meantóireachta do scoláirí sinsearach sa réimse seo, agus baineann ‘Reading Partnership’ leas as am agus taithí ár gcúntóirí seomra ranga.

Coláiste San Aingeal, Corcaigh – Litearthacht faoi stiúir na scoláirí

Tá 25 scoláire sa mhodúl Idirbhliana seo, lena n-áirítear triúr scoláirí ar cuairt a labhraíonn Béarla mar theanga bhreise. Thug na scoláirí ainm nua ar an rang: ‘Reading Revolution’ agus thug siad faoi aidhmeanna a chumadh don bhliain. Tá neart ról laistigh den ghrúpa. Tá a ról féin sannaithe do gach scoláire agus é intuigthe go mb’fhéidir go mbeidh orthu feidhmeanna eile a chur i gcrích de réir mar a thagann nithe chun tosaigh. I measc na samplaí tá rúnaithe ranga, bainisteoirí tionscadal, monatóirí clár fógraí litearthachta, blagairí, monatóirí do na ballaí dearga, grianghrafadóirí agus bainisteoirí caidrimh phoiblí.

Tá roinnt tionscadal pleanáilte ag na scoláirí a fhéachann le feasacht a ardú faoin litearthacht sa scoil agus nós taitneamhach a dhéanamh as an léitheoireacht. Chuir siad tús lena bhfeachtas feasachta trí chomórtas Bookmark a eagrú do lucht na chéad bhliana le héarlais €15 mar chéad duais. Agus muid ag druidim i dtreo Oíche Shamhna tá Comórtas Gearscéil eagraithe acu i measc lucht na chéad bhliana agus na dara bliana le téama Oíche Shamhna. Tá ócáidí dá leithéid beartaithe do bhuaicphointí éagsúla na bliana, an Nollaig, Lá San Vailintín, agus an Cháisc. Tá Clár Fógraí Litearthachta (Ballaí Dearga) bunaithe ar gach ceann de na ceithre urlár sa scoil agus tá imeall rialta dearg orthu atá ag teacht le scéim dathanna dhearg Reading Revolution. Dírionn gach clár fógraí ar théama éagsúil. Mar shampla, tá clár fógraí amháin ar fad faoi údar ar leith (Seamus Heaney a bhí i gceist i Meán Fómhair). Ar cheann eile tá “focal na seachtaine” leis an mbéim ar an litearthacht dhigiteach.

5. Conas is féidir an litearthacht a threorú, a chomhordú agus a chothú in iar-bhunscoileanna?

Má táthar le cur chuige traschuraclaim a chur i bhfeidhm i leith na litearthachta, bíonn dúshlán ar leith ann in eagrú na n-iar-bhunscoileanna. Mar shampla, féadfar iar-bhunscoileanna a scaradh ina ‘sadhlaí’ d’ábhair éagsúla, agus déanann gach ceann díobh sin éilimh ar leith, a bhíonn éagsúil go minic, maidir le scileanna litearthachta na bhfoghlaimeoirí. Cé go bhfuil tábhacht le straitéisí litearthachta cineálacha ar fud an churaclaim, ba chóir machnamh a dhéanamh ar na héilimh litearthachta ar leith a bhaineann le hábhair éagsúla nuair a bhíonn siad á gcur i bhfeidhm.

Ní mór, mar sin, teagasc ardchaighdeáin a thacú le polasaithe agus le creata scoile uile, agus é spriocdhírithé go soiléir ag riachtanais agus réamhfhoghlaim na bhfoghlaimeoirí uile. Leagtar béim ar an tuairim seo sa tráchttaireacht seo ó cheann de na scoileanna a ghlac páirt sa tionscadal seo:

Coláiste an Déin Mhic Cuirc, An Charraig Mhór, Contae Thír Eoghain – An litearthacht a chothú ar fud na scoile

Motháimid anois nach le roinn an Bhéarla amháin a fhanann an fhreagracht as ardchaighdeáin litearthachta, ach go bhfuil sé seo riachtanach ar fud na scoile, ach go háirithe ó tharla go mbronnfar Cáilíocht na Cumarsáide Scríofa sna hábhair TGMO uile, beagnach. Agus seisiún oiliúna foirne déanta acu, faoi stiúir an chomhordaitheora litearthachta, chinn na ceannairí láir gurb é seo a leanas an tionscnamh a bheadh ann ar fud na scoile do na múinteoirí uile: litriú, poncaíocht agus gramadach ar chaighdeán níos airde a éileamh ó na scoláirí uile, beag beann ar an ábhar. Mar sin, mar thoradh ar ár gcleachtadh éifeachtúil le linn Eochairchéim 3 (EC3), a thosaíonn ag tús iomlán bhliain 8, bíonn inspreagadh agus dianiarracht leanúnach ann ag Eochairchéim 4 (EC4); ina theannta sin, mar thoradh ar ár n-iarracht lena chinntiú go mbíonn an múinteoir Béarla céanna ag na scoláirí uile ó bhliain 8 go 12, ligtear dúinn caidrimh oibre a thógáil a bhíonn an-táirgiúil agus éifeachtúil.

Glacann scoileanna anois leis an scéal nach féidir le múinteoirí na n-ábhar uile a bheith díomhaoin nuair a bhíonn an litearthacht le cothú. Chun feabhas a dhéanamh, áfach, ní mór do cheannaireacht thiomanta ag na leibhéil uile tacú agus cuidiú le forbairt an dea-chleachtais. Is éard atá san oideolaíocht a chothaíonn an litearthacht ná meascán de neart comhpháirteanna agus tréithe. Baineann sé le bheith soiléir faoi 'cad is féidir leis an bhfoghlaimeoir a dhéanamh cheana' agus 'cad is gá dóibh a dhéanamh le forbairt agus/nó feabhsúchán'. Cuideoidh sé lena chinntiú go gcothaíonn agus go bhforbraíonn pleanáil scoile uile don teagasc agus foghlaim scoileanna litearthachta ar bhealach atá spreagúil agus nuálaíoch, ag baint úsáide as téacsanna litríochta, neamhlitríochta agus digiteacha a mheallfaidh foghlaimeoirí agus a thabharfaidh taitneamh agus inspioráid dóibh. Ní mór don litearthacht a bheith ina ghné láidir den phlean forbartha scoile uile do theagasc, foghlaim agus measúnú. Tá sé tábhachtach go dtugtar deiseanna do mhúinteoirí a saineolas féin a fhorbairt i gcothú na litearthachta trí rannpháirtíocht san fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Bíonn an cheannaireacht agus an phleanáil agus comhordú scoile uile maidir leis an litearthacht ar ardchaighdeán nuair a bhíonn na nithe seo ann:

- tá tiomantas láidir agus leanúnach ag na ceannairí sinsearacha atá le sonrú sa phleanáil, monatóireacht agus meastóireacht ar ghníomhartha agus ar thionchar;
- tá ceannaireacht don litearthacht ag leibhéil uile phobal na scoile;
- bunaítear coiste lárnach ó réimse leathan d'ábhair chun forbairt na litearthachta laistigh den scoil a chomhordú agus tacú léi;
- cuirtear am cuí ar fáil don oiliúint inseirbhíse;
- cruthaítear deiseanna chun an dea-chleachtas a chomhroinnt;
- díríonn an litearthacht scoil uile ní hamháin ar thionscnaimh lasmuigh den seomra ranga, ach coinníonn béim láidir ar a bhfuil ag tarlú sna seomraí ranga; agus

- is snáithe leanúnach í an litearthacht i bplean forbartha na scoile agus cuirtear gnímh i bhfeidhm trí phróiseas éifeachtúil agus leanúnach um fhéinmheastóireacht scoile.

Coláiste Naomh Muire, Doire - Litearthacht mar thosaíocht scoile uile

Tosaíocht scoile uile is ea forbairt na litearthachta i bplean forbartha scoile Naomh Muire. Ar an dóigh seo, cuidíonn na múinteoirí uile, beag beann ar an ábhar a mhúineann siad, le scoláirí feabhas a chur ar a scileanna litearthachta trí dheiseanna a chruthú chun léitheoireacht, scríbhneoireacht, caint agus éisteacht a chothú, chomh maith le scileanna pearsanta, idirphearsanta agus foirne, atá tábhachtach don saol agus do shaol na hoibre. Creidimid go daingean gurb í an litearthacht a osclaíonn an rochtain don churaclam níos leithne agus a chuidíonn le scoláirí a bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaol.

Tá roinnt daoine tábhachtacha páirteach i stiúradh fhócas na litearthachta ar fud na scoile. Le déanaí ghlac beirt bhall foirne le poist cheannaireachta sinsearaí a dhíríonn ar chaighdeán a ardú sa litearthacht agus san uimhearthacht araon. Oibríonn an bheirt cheannairí sinsearach go dlúth le Cinn an Bhéarla, leis an gcomhordaitheoir litearthachta agus le ceann na tacaíochta foghlama. In aghaidh na bliana, ainmníonn agus pléann na cinn roinne uile an litearthacht ina bpleananna forbartha, scéimeanna oibre agus pleananna oideachais aonair do scoláirí ar an gclár tacaíochta foghlama, agus ar an gcaoi sin bíonn tosaíochtaí na roinne ag teacht le tosaíochtaí scoile uile. Ar an dóigh seo bíonn nasc díreach agus fíis chomhroinnte idir an Príomhoide, an fhoireann bhainistíochta shinsearach, CRanna agus múinteoirí seomra ranga. Ina theannta sin, buaileann foireann straitéise um ardú caighdeán le chéile agus stiúránn siad an clár oibre litearthachta, ag cinntiú agus ag déanamh monatóireachta ar an gcaoi ina dtéann an fócas feadh na scoile ar an litearthacht i gcion ar eispéireas foghlama na scoláirí i ngach ceacht. Cuidíonn na struchtúir inmheánacha seo lena chinntiú go bhfaigheann scoláirí Naomh Muire taithí ar thimpeallacht seomra ranga agus scoile atá saibhir sa teanga agus a fhéachann le muinín agus cumas na scoláirí i ngnéithe uile na litearthachta a thógáil.

Coláiste na nGlaschnoc, Baile Átha Cliath – An fhoireann litearthachta

Le tamall de bhlianta anuas is tosaíocht i gColáiste na nGlaschnoc é ardú i gcaighdeán na litearthachta. Tá cur chuige scoile uile againn i leith na litearthachta lena n-áirítear roinn an Bhéarla, an fhoireann lárnach, baill den roinn tacaíochta foghlama agus na ranna ábhair eile ar fad. Bunaíodh foireann litearthachta sa scoil le roinnt spriocanna socraithe a dhírigh ar scóranna léitheoireachta a fheabhsú, stór focal na scoláirí agus a rannpháirtíocht i roinnt d'ár dtionscnaimh a leathnú. Ag tús gach bliana bíonn féile leabhar againn ina roghnaíonn scoláirí leabhar atá siad chun a léamh. I mí na Samhna bíonn ár seachtain Drop Everything and Read (DEAR) againn. Ina dhiaidh seo bíonn leabhar ag gach scoláire sa mhála is féidir leo a léamh le linn ama saoir ar bith nó ar feadh cúig nóiméad ag deireadh gach ábhair ranga má thugann an múinteoir cead. Iarradh ar na múinteoirí é seo a thriail uair sa tseachtain ina n-ábhar. Is féidir le scoláirí a leabhair a mhalartú le linn a ranga leabharlainne nó ag am lón/am leabharlainne gach lá. Ansin tugtar an dúshlán do scoláirí féachaint cé mhéad leabhar is féidir leo a léamh idir DEAR agus an briseadh meántearma i mí Feabhra. Déantar suirbhé ar scoláirí na chéad bhliana agus a dtuismitheoirí maidir lena ndearchtaí i leith na léitheoireachta. Déantar suirbhé ar na scoláirí arís ag deireadh na bliana chun féachaint an bhfuil athrú sa dearcadh. Nuair atá leabhar críochnaithe ag scoláirí scríobhann siad léirmheas gairid ar pháipéar i gcruth duilleoige agus cuirtear é seo in airde ar an gCrann Léitheoireachta.

Coláiste na mBráithre Críostaí, Corcaigh – Fís don litearthacht a chomhroinnt agus a fhorbairt

Bhí an litearthacht i gcónaí riamh mar chuid d'eispéireas oideachais Choláiste na mBráithre Críostaí (CBC). Bhain an bhainistíocht úsáid as cruinnithe foirne agus forbairt ghairmiúil inmheánach chun fís a chomhroinnt agus a fhorbairt don litearthacht mar ghné bhunúsach

sna hábhair uile – tuairim gur féidir foghlaim níos éifeachtúla a fháil mar thoradh ar fheasacht níos mó faoin ról atá ag an litearthacht i seomra ranga gach múinteora. Tugann an Coiste Litearthachta tuairisc don bhainistíocht agus déanann sé cuir i láthair ag cruinnithe foirne. Thar gach aon ní eile, is í an aidhm atá againn ná comhroinnt na taithí agus an deachleachtais a spreagadh idir na múinteoirí. Tá réimse de thionscnaimh curtha ar bun ar fud na scoile a thacaíonn go láidir le tiomantas CBC le gnéithe uile de scileanna litearthachta na scoláirí a fhorbairt.

Coláiste na mBráithre Críostaí, Corcaigh – Ceannaireacht agus forbairt ghairmiúil leanúnach inmheánach a sholáthar

Mar thoradh ar fhorbairtí san Idirbhliain, d'aithin na múinteoirí an cumas a bhí sa mheasúnú chun foghlama (McF) le cur ar chumas na scoláirí gabháil le próiseas na foghlama agus an mheasúnaithe ar bhealach níos lánbhrí. Arís, faoi thionchar ag an spreagadh a fuair eamar ag leibhéal na scoile uile trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a sholáthar maidir le modheolaíochtaí nua, d'úsáideamar ár gcruinnithe ábhair chun bealaí a fhiosrú ina ndéanfaimis modhanna McF a chur san áireamh inár gcleachtais reatha sa seomra ranga. Spreagadh múinteoirí le smaointe a chomhroinnt agus le ceanteidil McF a bhí ceaptha agus úsáidte acu a chur san fhilleán ábhair ar an bhfreastalaí foirne. Cruthaíodh fo-fhillteán McF ar leith chun béim a leagan ar thábhacht an phróisis, rud a cheapamar a bhí níos fearr ná comhaid McF a shábháil i bhfillteáin ar leith amhail Filíocht nó Scríbhneoireacht Phearsanta.

Mar thoradh ar úsáid mhéadaithe McF agus obair phunainne sa Bhéarla, thug an bhainistíocht cuireadh do mhúinteoirí labhairt faoinár n-eispéiris leis an bhfoireann iomlán ag tráthnónta FGL d'fhonn ábhair roinne eile a spreagadh le machnamh ar na modhanna seo a chur san áireamh níos mó ina bpleanáil agus cleachtas féin.

Coláiste an Déin Mhic Cuirc, Contae Thír Eoghain – Tionscnaimh chun tacú le forbairt na litearthachta

Nuair a aithnítear go bhfuil fadhbanna litearthachta ag scoláirí, tá sé d'aidhm againn idirghabháil a dhéanamh a luaithe agus is féidir. Mar sin, tugaimid cuireadh do scoláirí páirt a ghlacadh inár n-idirghabhálacha litearthachta atá ann le fada: an club Litrithe ag am lóin, an clár um Léitheoireacht Bheirte agus an clár um Chomhpháirtíocht Léitheoireachta. Déantar tástáil ar scoláirí roimh an idirghabháil agus ina dhiaidh agus cuirtear a dtuismitheoirí ar an eolas faoi fheabhas ar bith.

Acadamh Dhroichead na Banna, Contae an Dúin – Féinmheastóireacht inmheánach

Cuidíonn úsáid an-éifeachtúil na féinmheastóireachta ag an gceannaireacht shinsearach, pleanáil chúramach agus ullmhúchán oilte uile le forbairt litearthachta na scoláirí. Déanaimid iarracht na scoláirí a mhealladh le scríobh ar bhealach aibí, sofaisticiúil agus athmhachnamhach trí bhéim ar leith ar thon, ar theicnící agus ar stíl. In Eochairchéimeanna 3 agus 4 bíonn insileadh an-láidir ann de theanga agus litríocht. Dírimid ar stór focal sofaisticiúil, teicniúil a fhorbairt a léirítear trí shaothar scríofa na scoláirí agus freisin trína gcumas le meas a léiriú ar cheird an scríbhneora.

Coláiste na Tríonóide Naofa, An Chorr Chríochach, Contae Thír Eoghain – Tiomantas na gceannaireachta sinsearaí

Dúshlán do na scoileanna uile is ea caighdeán na litearthachta a ardú, ach is dúshlán é a dtugann Coláiste na Tríonóide Naofa faoi gach lá. Oibríonn an fhoireann cheannaireachta shinsearach (FCS), múinteoirí agus an fhoireann tacaíochta go dlúth lena chéile chun dul i ngleic le tearcghnóthachtáil sna réimsí seo. Aithníonn an FCS an tábhacht atá le forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta agus tá siad sin i gcroílár phlean forbartha na scoile agus iad mar chuspóir scoile uile in athbhreithniú feidhmíochta agus forbairt foirne. Bealaí praiticiúla agus éifeachtúla is ea am breise teagaisc, grúpaí níos lú agus socrúchán láthair

chun cuidiú le dul chun cinn sna réimsí tábhachtacha uile seo. Glacann an FCC le cur chuige réamhghníomhach maidir le caighdeáin na litearthachta agus na huimhearthachta a ardú agus is cuid lárnach den phleanáil straitéiseach é seo. Déanann siad deimhin de go mbaintear úsáid éifeachtúil as sonraí bonnlíne ar nós scóranna 'Progress in English' chomh maith le heolas ó TCCanna i mBlianta 8 agus 11 sa chaoi is go mbíonn an fhoireann uile ar an eolas faoi inniúlacht gach páiste. Socraítear spriocanna pearsanta bunaithe ar shonraí do gach scoláire agus coinnítear na spriocanna seo faoi athbhreithniú rialta ag FCC, CRanna, múinteoirí ábhair agus múinteoirí foirme, a bhfuil rochtain acu uile ar thorthaí na scoláirí. I bhfocail eile, tá gach aon duine cuntasach, tá an fhianaise nó raon an dul chun cinn ar fáil do chách le feiceáil agus, dá bhrí sin, glacann gach duine le freagracht agus le seilbh ar fheidhmíocht gach scoláire laistigh dá n-ábhar.

Tugann an Príomhoide cuairt rialta ar sheomra ranga d'fhonn a chinntiú go mbíonn scoth an tsoláthair sa seomra ranga. Má bhíonn plé ag múinteoirí maidir le hoideolaíocht, ceistiúchán éifeachtúil, agus prionsabail an dea-cheachta i rith cruinnithe foirne, spreagtar plé gairmiúil agus pobal gairmiúil d'fhonn a chinntiú go mbíonn an fhoghlaim i gcroílár gach ceachta.

6. Cad is pleanáil éifeachtúil ann don litearthacht?

Ba léir ó na scoileanna ar tugadh cuairt orthu le linn an tionscadail go mbíonn dea-phleanáil d'fhorbairt scileanna litearthachta na bhfoghlaimeoirí riachtanach nuair atáthar ag iarraidh feabhas a dhéanamh. Níl rud ar bith randamach faoi fhorbairt agus cothú na litearthachta laistigh den Bhéarla agus laistigh de réimsí eile den churaclam. Dá bhrí sin, tá pleanáil riachtanach chun tacú go héifeachtúil le forbairt litearthachta na bhfoghlaimeoirí.

Bíonn an phleanáil d'fhorbairt na litearthachta ar ardchaighdeán nuair a bhíonn na nithe seo ann:

- tá sí tógtha ar a bhfuil imithe roimpi;
- tugann sí aitheantas cuí don obair atá déanta i mbunscoileanna;
- tá sí bunaithe ar fhianaise ar fhoghlaim na scoláirí agus baineann sí úsáid as an bhfianaise seo mar bhunús leis na céad chéimeanna eile sa teagasc agus san fhoghlaim;
- bunaíonn sí go soiléir cad agus conas a fhoghlaimoidh, a thuigfidh nó a dhéanfaidh an scoláire;
- leagann sí béim mar is cuí ar éisteacht agus caint, léitheoireacht agus scríbhneoireacht; agus
- tugann sí an deis d'fhoghlaimeoirí eispéiris níos leithne a shealbhú agus a fhorbairt don smaointeoireacht, don fhoghlaim agus don idirghníomhaíocht i gcomhthéacsanna pearsanta, sóisialta agus oibre ar feadh an tsaoil.

Tá sé fíorthábhachtach socruithe éifeachtúla aistrithe a bheith ann idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna má táthar le dul chun cinn rialta foghlama a chinntiú d'ógánaigh. Dhírigh Tuarascálacha is déanaí na bPríomhchigirí sa dá dhlínse aird ar an bpointe seo, agus dúirt an Príomhchigire i dTuaisceart Éireann 2010-12 é seo a leanas:

Dúshlán tábhachtach ... is ea socruithe aistrithe a fheabhsú idir eagraíochtaí d'fhonn an cúlú is féidir a bheith ann ag na pointí seo a shárú. Mar sin tá sé riachtanach go mbeidh na heagraíochtaí uile ábalta gnóthachtálacha na bhfoghlaimeoirí uile a chur i gcomparáid lena

n-inniúlachtaí agus, más gá, go gcuirtear idirghabhálacha i bhfeidhm go tapa agus mar is cuí chun gnóthachtáil íseal agus tearcghnóthachtáil a chomhrac.

Léirítear an tátal seo i dtaighde a d'fhoilsigh an *Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES)* sa bhliain 2007 a fuair go mbíonn, mar thoradh ar iontráil sa mheánscoil shóisearach sa Deisceart, meath de réir a chéile san inspreagadh acadúil, féinbhraistint, agus iompraíochtaí a bhaineann leis an scoil thar na blianta luath-ógánta le céatadán na scoláirí a dúirt go raibh obair scoile suimiúil, mar shampla, ag titim go dtí beagán os cionn 50% faoi dheireadh na dara bliana agus uimhir cosúil léi sin a mbíonn dearcthaí diúltacha acu i leith na hoibre baile faoin am a shroicheann siad an tríú bliain. Mar atá léirithe sna scoileanna páirteacha, tá sé riachtanach srian a chur le tionchar diúltach an aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil d'fhonn cuidiú le gnóthachtáil níos airde agus d'fhonn scoláirí a chosc ó dhearcthaí diúltacha a fhorbairt i leith na scoile.

Coláiste an Déin Mhic Cuirc, Contae Thír Eoghain – Nascadh le bunscoileanna friothálacha

Ag druidim le deireadh mhí an Mheithimh bíonn a Lá Ionductaithe ag na scoláirí a bheidh ag teacht isteach inár scoil i Meán Fómhair. Bíonn gné an spraoi sa lá agus cuireann sé ar chumas na scoláirí bualadh lena bpáirtithe ranga nua ach bainimid úsáid as an lá seo freisin chun tástáil litearthachta a dhéanamh trí thrialacha caighdeánaithe agus píosa scríbhneoireachta pearsanta. Go traidisiúnta, ba ghnách linn an tástáil seo a dhéanamh i Meán Fómhair ach chinneamar nach dtugann laethanta saoire fada an tsamhraidh deis do na scoláirí a mbuanna a léiriú i gceart. Déanaimid cinnte go socraíonn ár scoláirí isteach sa Bhéarla go tapa agus go muiníneach lenár n-aonad aistrithe 'Mé Féin' a mhúinteoir i Meán Fómhair. San aonad seo bíonn obair ealaíne, cleachtaí cainte agus éisteachta agus obair i bpéirí/i ngrúpaí de réir mar a fhoghlaimíonn na scoláirí conas scríobh go dírbheathaisnéiseach agus tugtar scileanna féinmheasúnaithe agus athdhréachtaithe isteach arís.

Bíonn tuilleadh torthaí tástála ar fáil do mhúinteoirí d'anailís agus léirmhíniú i mí Dheireadh Fómhair. Le linn forbartha foirne pléann an comhordaitheoir litearthachta agus an comhordaitheoir riachtanais speisialta oideachais na sonraí anailísithe seo leis an bhfoireann uile. Déantar na haonaid oibre uile a idirdhealú go hiomlán do gach rang cé go bhfuil na scéimeanna oibre mar an gcéanna. Táimid an-bhródúil as na haonaid dhúshlánacha agus inspreagthach a mhúinimid a thugann spreagadh d'fheidhmíocht na scoláirí agus a bhfuil mar thoradh orthu beagnach 100% de thiomantas scoláirí agus taitneamh ina n-eispéiris teagaisc agus foghlama.

Ardscóil Naomh Íosaf, An tIúr, Contae an Dúin – Ag tógáil ar a bhfuil imithe roimhe

Thug dian-tástáil bonnlíne le fios go raibh réimse de dheacrachtaí i gchórt Bhliain 8 a léirigh go raibh idir 58% agus 89% de scoláirí nua ag teacht isteach ag scóráil faoi bhun an mheánscóir de 100. I mbliana, thug roinn an Bhéarla isteach triail chaighdeánach ar líne 'Progress in English' chun níos mó eolais a sholáthar chun réimsí deacrachtaí ar leith na scoláirí a aithint. Tá próifílí diagnóiseacha ar gach scoláire ullmhaithe agus tugtha ar fud na scoile uile chuig CRanna. Chomh maith le cuidiú leis na múinteoirí Béarla, chuidigh an t-eolas seo leis an gcomhordaitheoir riachtanais speisialta oideachais chun imní nua ar bith maidir le riachtanais speisialta a aithint agus le straitéisí scoile uile do thacaíocht litearthachta. Gné lárnach sna straitéisí seo ab ea comhroinnt na sonraí uile leis an bhfoireann teagaisc uile agus méadú ar scileanna na gcúntóirí seomra ranga, sa chaoi is go raibh siad in ann plé le riachtanais litearthachta na scoláirí a dtugann siad tacaíocht dóibh.

Coláiste Pobail Ghleann Maighir, Gleann Maighir, Contae Chorcaí – An fhoghlaim roimh ré agus sa todhchaí a nascadh

Mar phointe tosaíthe chun plé go díreach leis an litearthacht sa scoil, chinn an coiste litearthachta ar scrúdú a dhéanamh ar nósanna léitheoireachta scoláirí na chéad bhliana. Eagraíodh roinnt agallamh i ngrúpaí fócais le scoláirí na chéad bhliana reatha d'fhonn a chinneadh cé acu an raibh fiúntas leis an bhfócas ar nósanna léitheoireachta. Agus plé déanta leis na grúpaí seo, ba léir nach léann formhór na scoláirí ar bhonn rialta agus dúirt neart acu nach dtaitníonn an léitheoireacht leo. Dá bhrí sin, chinn an coiste litearthachta ar ár n-aird a dhíriú ar lucht na chéad bhliana a bhí ag teacht isteach, agus béim ar leith ar fheabhas a chur ar mhinicíocht na léitheoireachta agus ar dhearcthaí i leith na léitheoireachta sa chohórt seo. Rinneadh suirbhé bonnlíne chun nósanna agus dearcthaí i leith na léitheoireachta a aimsiú do scoláirí uile na chéad bhliana ag teacht isteach. De réir torthaí an tsuirbhé dúirt mionlach suntasach (30%) nár léigh siad riamh nó nár léigh siad ach go hannamh, agus mheas níos lú ná leath (47%) de na scoláirí nár léitheoirí cumasacha iad.

An Tionscadal “Drop Everything and Read” (DEAR)

D'fhonn tacú le baint amach ár gcuspóirí tosaigh, chinneamar ar thogra “Drop Everything and Read” (DEAR) a thabhairt isteach ar bhonn seachtainiúil. Agus fiosrú breise déanta, fuarthas amach go raibh rath ar an tionscnamh seo i roinnt scoileanna dá leithéid agus gur thaitin sé leis an gcohórt aoise seo, agus go raibh rath air ann. Thug an bhainistíocht tacaíocht iomlán don tionscnamh seo.

Ag tús mhí na Bealtaine rinneadh an suirbhé tosaigh athuir le scoláirí uile na chéad bhliana. Léirigh na torthaí go léann níos mó scoláirí go rialta anois, le méadú 17% i líon na scoláirí a dúirt go léann siad anois ó am go ham. Ach is é an toradh is tábhachtaí sa suirbhé, b'fhéidir, ná an méadú i líon na scoláirí a mheasann gur tháinig feabhas ar a gcumas léitheoireachta agus ar a gcuid muiníne dá bharr ó thosaigh an tionscadal; mheas 11% níos mó de na scoláirí anois gur léitheoirí cumasacha iad ag deireadh an tionscadail ná mar a roghnaigh an chatagóir seo ar dtús.

Coláiste na Tríonóide Naofa, An Chorr Chríochach, Contae Thír Eoghain – Deis a thabhairt do na foghlaimeoirí eispéiris níos leithne a shealbhú agus a fhorbairt don smaointeoireacht, don fhoghlaim agus don idirghníomhaíocht

Gné lárnach sa teagasc is ea an fhorbairt ar scileanna smaointeoireachta agus ar inniúlachtaí pearsanta na bhfoghlaimeoirí. Breathnaíonn múinteoirí orthu féin mar éascaitheoirí agus baineann siad úsáid as raon de straitéisí don fhoghlaim agus teagasc ghníomhach chomh maith le húsáid rialta TFC. Tá béim níos mó ar oideachas gairme, eolas, comhairle agus scéimeanna oibre Béarla a nascadh leis an bhfíorshaol. Bíonn foghlaimeoirí páirteach níos mó i spriocanna pearsanta a shocrú agus bíonn plé acu lena múinteoirí ranga faoina ndul chun cinn. Cuireann úsáid níos mó as piarmheastóireachtaí agus as féinmheastóireachtaí ar chumas na scoláirí a bheith níos neamhspleách agus freagracht níos mó a ghlacadh as a bhfoghlaim.

Coláiste San Aingeal, Corcaigh – Béim chuí a chur ar éisteacht agus caint

D'eascair an smaoineamh do lá ‘SALAD’ (Speaking and Listening Active Discussion) as roinnt léitheoireachta a rinne foireann litearthachta na scoile agus an nasc-mhúinteoir litearthachta. Chun tús a chur leis an lá, tugadh dhá rang Béarla le chéile agus chuireamar grúpobair i gcrích bunaithe ar Sylvia Plath (a raibh ullmhúchán déanta ag na scoláirí trí obair bhaile an oíche roimh ré) don cheacht.

Bhí liosta ceisteanna ag na scoláirí (a bhí éagsúil ó ghrúpa go grúpa) a bhí curtha le chéile ag na scoláirí iad féin mar chuid dá n-obair bhaile níos luaithe sa tseachtain. Bhain an ceisteanna uile le Plath - an file a raibh siad díreach i ndiaidh staidéar a dhéanamh uirthi. I ndiaidh tréimhse plé, bhí ar bhreathnóir an ghrúpa ansin achoimre nóiméid amháin a chur i

láthair ar phlé a ngrúpa chuig an dá rang. Bhí ar an mbreathnóir an cur i láthair a dhéanamh ar feadh nóiméid amháin gan stad nó athrá agus aird á díriú acu ar cérbh iad, dar leo, na pointí ba shuimiúla de phlé an ghrúpa agus easaontas ar bith a bhí ag an ngrúpa. Bhain baill foirne eile in ábhair seachas an Béarla úsáid as modheolaíochtaí éagsúla lena n-áirítear rólímirt, suíochán te, díospóireachtaí siúil, cuir i láthair ag scoláirí, cleachtadh sa teanga bhéil (nuatheangacha iasachta), grúpobair agus obair i gcomhpháirtíocht.

7. Conas is féidir leis an measúnú tacú le forbairt na litearthachta?

Cuid riachtanach de chleachtadh an tseomra ranga is ea an measúnú, a chuidíonn le feabhsúchán a chur chun cinn agus a léiriú don bhfoghlaiméir agus don mhúinteoir. Is codanna dílse iad measúnuithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla den teagasc agus foghlaim uile. Tugann siad treoir don mhúinteoir sa phleanáil amach anseo agus cuidíonn siad leis an bhfoghlaiméir a bheith níos freagraí agus níos inspreagtha i leith a c(h)uid foghlama. Agus é sin san áireamh tá sé tábhachtach go mbeidh an foghlaiméir ar an eolas faoina d(h)ul chun cinn le linn gach topaic, agus ag a dheireadh. Ba chóir go mbeadh ról tábhachtach ag an measúnú foirmitheach agus suimitheach i bhforbairt scileanna litearthachta na bhfoghlaiméirí. Tá an measúnú a thacaíonn le forbairt scileanna litearthachta na bhfoghlaiméirí ar ardchaighdeán nuair a bhíonn na nithe seo i gceist:

- ní hamháin go ndíríonn spriocanna foghlama ar an ábhar ach ainmníonn siad go sainiúil na scileanna litearthachta atá le forbairt;
- tugtar deiseanna chun na spriocanna foghlama litearthachta ábhartha a chomhroinnt agus a eadránú leis na foghlaiméirí;
- tugann marcáil agus measúnú an deis agus an saineolas do na foghlaiméirí le feabhas a dhéanamh;
- ligeann ceistiúchán cuí don mhúinteoir foghlaim agus tuiscint na bhfoghlaiméirí a mheas agus a chothú;
- faigheann na foghlaiméirí na scileanna agus na meonta le piarmheasúnú agus le féinmheasúnú a dhéanamh ar a saothar féin agus ar shaothar daoine eile go hógair agus go húsáideach;
- bíonn tuilleadh feabhsúcháin ann nuair a dhéantar na riachtanais litearthachta soiléir;
- bíonn straitéisí McF ina ngné chomhsheasmhach i gcleachtadh an tseomra ranga; agus
- baintear úsáid chuí as scagadh agus tástáil dhiagnóiseach.

Acadamh Dhroichead na Banna, Contae an Dúin – Measúnú chun Foghlama

Tá gnéithe de McF, amhail ceistiúchán éifeachtúil agus oilte, ríthábhachtach dúinn chun freagraí muinínacha, líofa agus eolach a fháil ó scoláirí. Tá measúnú foirmitheach atá soiléir agus dírithe, agus ina ndéantar critéirí ratha a phlé go hoscaillte agus a aontú ag an múinteoir agus na scoláirí, riachtanach chun freagraí ardleibhéil a fháil. Tá fócas ar an oideolaíocht riachtanach freisin toisc go mbainimid úsáid as cuir chuige teagaisc éagsúla, ó fhoghlaim faoi stiúir an mhúinteora go foghlaim ghníomhach. Is í an chothromaíocht seo a chuidíonn le leibhéil arda díograise agus rannpháirtíochta, agus a fhios ag na scoláirí go mbíonn meas ar a bhfreagraí agus go bhfuil ionchais arda againn ina leith.

Codanna dílse den phróiseas teagasc agus foghlama is ea measúnú foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, a áiríonn breathnú an mhúinteora ar an bhfoghlaim. Mar sin féin, is féidir an t-eolas a bhailítear ar an gcaoi seo a threisiú le húsáid éifeachtúil agus chuí a bhaint as sonraí. I gcoitinne, bíonn scoileanna go maith ag bailiú sonraí; ach is iad an anailís ar na sonraí seo agus na gníomhartha a dhéantar ina dhiaidh sin na gnéithe tábhachtacha d'fhonn a chinntiú go ndéanann an foghlaim feabhsúchán agus dul chun cinn. Tá úsáid sonraí chun treoir a thabhairt do phleanáil todhchaí don teagasc agus foghlaim riachtanach d'fhonn a chinntiú go mbíonn dul chun cinn agus comhleanúnachas in eispéiris na bhfoghlaim.

Coláiste Naomh Muire, Doire – Sonraí a úsáid go héifeachtúil

Baintear úsáid as raon d'uirlisí measúnaithe, lena n-áirítear trialacha caighdeánacha agus diagnóiseacha, chun scoláirí atá ag tearcghnóthachtáil a aithint. Bíonn múinteoirí Béarla páirteach san athbhreithniú agus sa léirmhíniú ar na sonraí agus pléitear na tátail ag cruinnithe roinne ina ndéantar idirghabhálacha a phleanáil. Déantar an t-eolas seo a chomhroinnt le bainistíocht na scoile agus le cinn bhliana freisin, rud a spreagann cur chuige comhoibríoch chun dul i ngleic leis an tearcghnóthachtáil. Chomh maith leis na sonraí thuas a úsáid, tá tús curtha aginn le húsáid níos straitéisí a bhaint as sonraí inmheánacha ó mheasúnuithe chun monatóireacht agus rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí.

Marcáil chun feabhsúcháin

Mar scoil, aithnímid an tábhacht atá le cur chuige caighdeánach i leith na marcála chun cuidiú le hathbhreithniú agus monatóireacht bhríoch ar dhul chun cinn na scoláirí. Dá bhrí sin, chun tacú le tabhairt isteach an tionscnaimh seo, beidh na tascanna foghlama uile agus a dtorthaí faoi mhonatóireacht ag foireann dearbhú cáilíochta na scoile, ar a bhfuil baill den fhoireann ceannaireachta sinsearaí agus den fhoireann teagasc. Ag féachaint le comhsheasmhacht a chinntiú sna caighdeáin, lena n-áirítear caighdeáin litearthachta, iarrfar ar mhúinteoirí ábhair dhá shampla marcáilte de gach measúnú ar fhoghlaim sa bhaile a rinne a ranganna a chur faoi bhráid na CRanna. Más gá, déanfaidh na CRanna moltaí maidir leis an measúnú ar an bhfoghlaim sa bhaile. Mar chuid den chur chuige scoile uile seo i leith ardú caighdeán, ansin roghnófar ranna go randamach agus iarrfar orthu trí mheasúnú ar fhoghlaim sa bhaile atá marcáilte (barr, lár agus bun) ó gach bliainghrúpa (BI8 –BI10) a chur faoi bhráid bhaill den fhoireann dearbhú cáilíochta. Déanfaidh an fhoireann dearbhú cáilíochta machnamh ar na samplaí agus tabharfaidh siad aiseolas ar cheisteanna ar nós oiriúnacht an tasc, fianaise ar mharcáil chun feabhsúcháin agus critéir ratha. Ansin tuairisceofar tátail na foirme dearbhú cáilíochta do na CRanna agus don fhoireann cheannaireachta shinsearach. Déanfaidh na CRanna athbhreithniú ar na measúnuithe ar an bhfoghlaim sa bhaile i bhfianaise a dtátal féin agus tátail na foirne dearbhú cáilíochta. Ghlac na múinteoirí ábhair uile páirt i ndearadh na measúnuithe ar an bhfoghlaim sa bhaile seo a bhfuil critéir mheasúnaithe acu atá in oiriúint do na scoláirí agus a chuireann féinmheastóireacht na scoláirí chun cinn.

Coláiste na nGlaschnoc, Baile Átha Cliath – Sonraí a úsáid go héifeachtúil

Suíonn scoláirí nua scrúdú iontrála i rith an earraigh sula dtagann siad isteach i gColáiste na nGlaschnoc. Is í an triail a úsáidtear don léitheoireacht agus tuiscint ná an “New Group Reading Test”. Déantar anailís ar thorthaí an mheasúnaithe agus leantar suas ar aon scoláirí a fhaigheann scór caighdeánach faoi bhun 90. Féachaimid le feabhas a chur ar scóranna léitheoireachta na scoláirí trí gníomhartha agus tacaí éagsúla sa tsraith shóisearach. Mar shampla, faigheann scoláirí a bhfuil deacrachtaí acu i bhforbairt na litearthachta teagasc breise chun plé leis an réimse seo. Leanann roinnt scoláirí “Catch up Literacy” agus baineann múinteoirí úsáid as na ráitis CSTS lena scoláirí sa rang. Soláthraíonn siad seo torthaí foghlama soiléire a thacaíonn le foghlaim na scoláirí uile. Ina theannta sin tacaíonn léitheoireacht i bpéirí, ceachtanna leabharlainne, cuairteanna ag údair agus fócas láidir ar fhorbairt an stóir focal ag múinteoirí ábhair le scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na scoláirí. Déantar measúnuithe arís in Aibreán na chéad bhliana

agus Aibreán na dara bliana. Déantar anailís arís ar scóranna léitheoireachta chun feabhsúchán agus riachtanais foghlama na scoláirí a rianú.

Coláiste na mBráithre Críostaí, Corcaigh – Foghlaim fhéinrialaithe

Toisc go bhfuil an fócas san Idirbhliain sa choláiste ar scoláirí a spreagadh le cur chuige neamhspleách a fhorbairt i leith na foghlama agus le bheith oscailte do thuairimí nua, mheas na baill inár roinn ábhair gur chóir dúinn féachaint ar ár gcleachtais mheasúnaithe féin sa seomra ranga mar bhealach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Agus é sin san áireamh againn chaitheamar am ag ár gcruinnithe ábhair ag plé straitéisí a d'úsáideamar go rathúil inár ngrúpaí ranga aonair féin. Mar thoradh air sin, aontaíodh go dtabharfaimis isteach obair phunainne ar bhonn píolótach. Aontaíodh go raibh sé de chumas ag an straitéis seo cumhacht a thabhairt don bhfoghlaimoir gabháil do phróiseas foghlama féinrialaithe, agus ag an am céanna maoirseacht an mhúinteora agus pleanáil fhianaisebhunaithe don todhchaí a cheadú.

Cruthaíodh cáipéis a thug cur síos ar an gclár oibre do na scoláirí agus a leag amach an measúnú ar a gcuid oibre. Sa chás seo bheadh an phunann cothrom le 20% dá scrúdú samhraidh. Bhí soláthar ann freisin do phróiseas athbhreithnithe ag deireadh na bliana píolótaí. Ón athbhreithniú seo, aontaíodh go raibh an taithí leis na punanna an-dearfach go deo ach go raibh deiseanna ann le gné den McF a thabhairt isteach i bpróiseas an mheasúnaithe. Sa dara bliain den chur chuige punainne, baineadh úsáid as McF, agus mar thoradh air sin bhí leibhéal níos airde d'fheasacht faoin tasc, feasacht faoi chritéir mheasúnaithe agus mothúchán níos láidre ar an iomlán de chomhpháirtíocht i bpróiseas na foghlama.

Bhí tionchar dearfach ag rath na hoibre punainne agus McF san Idirbhliain ar chur chuige na roinne maidir le measúnú i mbliainghrúpaí eile freisin. Mar thoradh ar chigireacht ábhair ar an mBéarla ag ROS sa choláiste i mí na Nollag 2012, moladh dúinn machnamh a dhéanamh ar phunanna a thabhairt isteach ag leibhéal na chéad bhiana freisin. D'aontaigh an roinn ábhair gur forbairt shuimiúil agus thairbheach a bheadh ann agus trí chruinnithe sceidealaithe rinneadh ullmhúcháin chun é seo a thabhairt isteach don bhliain acadúil 2013/14. Mar a tharla le próiseas na hIdirbhliana, déanfar athbhreithniú ar úsáid na bpunann ag deireadh na bliana acadúla reatha.

Coláiste Pobail Ghleann Maighir, Gleann Maighir, Contae Chorcaí – Treoraíonn an measúnú an chéad chéim eile de phleanáil don teagasc agus don fhoghlaim

Roghnaíodh foghlaim chomhoibríoch, le béim ar leith ar ghrúpobair (lena n-áirítear obair i bpéirí), mar phríomh-mhodheolaíocht le húsáid sa rang chun feabhas a chur ar scileanna cainte agus éisteachta. Tá sé léirithe go mbíonn na cuir chuige dialógacha seo an-éifeachtúil i dtacú leis an bhfoghlaim agus leis an litearthacht bhéil. Ag teacht le próiseas pleanála na scoile, cruthóidh baill foirne deiseanna chun sonraí bonnlíne a bhailiú trí mheasúnuithe tosaigh a dhéanamh mar chuid de phróiseas measúnaithe Dheireadh Fómhair na scoile. Tugadh samplaí de cheannteidil chainte agus léirithe do mhúinteoirí ar féidir a leasú ag teacht leis an tasc atá á mheas. Pléifear na tátail agus na moltaí bunaithe ar eispéiris na múinteoirí ag an gcéad chruinniú foirne eile. Cuirfidh an t-aiseolas seo an bonn agus an treo ar fáil don chéad chéim eile den fhorfheidhmiú.

8. An bealach chun cinn

As seo amach, ba chóir béim níos mó a chur ar thógáil ar na scileanna litearthachta a múineadh d'fhoghlaimoirí sa bhunscoil, agus iad a chur chun cinn, de réir mar a ghluaiseann siad isteach ina mblianta ógánta. Ba chóir do mhúinteoirí, ceannairí scoile agus an pobal scoile uile machnamh a dhéanamh ar fhorbairt agus cothú na litearthachta mar rud atá lárnach sa phleanáil, teagasc, foghlaim agus measúnú ar fud an churaclaim agus san

eispéireas scoile níos leithne ag na foghlaimeoirí ógánta. Baineann an ráiteas seo, ní hamháin leis na foghlaimeoirí a mbíonn deacrachtaí acu le forbairt na litearthachta, ach leis na hógánaigh uile sa chóras scolaíochta iar-bhunscoile. Tá tuiscint, láimhseáil, freagairt agus taitneamh as réimse leathan de théacsanna, ina n-iliomad foirmeacha, lárnach do chumas na bhfoghlaimeoirí páirt a ghlacadh go criticiúil lena sochaí, leis an daonlathas agus le domhan na hoibre. Tá forbairt scileanna na bhfoghlaimeoirí sa litearthacht ríthábhachtach dá seansanna saoil nuair a thagann deireadh leis an scolaíocht fhoirmiúil dóibh.

Scoileanna rannpháirteacha

Tugadh cuairt ar na scoileanna seo a leanas agus thug siad tráchttaireacht.

Coláiste Pobail Ghleann Maighir, Gleann Maighir, Contae Chorcaí – Coláiste Pobail comhoideachais le thart ar 900 scoláire

Coláiste Naomh Aingeal, Cnoc Phádraig, Corcaigh – Meánscoil Dheonach do chailíní le thart ar 530 scoláire

Coláiste na nGlaschnoc, Ascall na Tiníleach, Na Glaschnoc, Baile Átha Cliath 12 – Coláiste Pobail comhoideachais le thart ar 490 scoláire

Pobalscoil na nDomhnaí, Bóthar Bhaile an tSrutháin, Baile Átha Cliath 13 – Coláiste Pobail comhoideachais le thart ar 520 scoláire

Coláiste na mBráithre Críostaí, Cnoc Sidney, Bóthar Wellington, Corcaigh – Meánscoil do bhuaicillí a ghearrann táillí le thart ar 840 scoláire

Coláiste na Tríonóide Naofa, An Chorr Chríochach, Contae Thír Eoghain – Scoil chomhoideachais Chaitliceach neamhroghnaitheach faoi chothabháil le thart ar 950 scoláire

Coláiste an Déin Mhic Cuirc, An Charraig Mhór, Contae Thír Eoghain - Scoil chomhoideachais Chaitliceach neamhroghnaitheach faoi chothabháil le thart ar 500 scoláire

Coláiste Naomh Muire, Derry - Scoil Chaitliceach neamhroghnaitheach faoi chothabháil do chailíní le thart ar 880 scoláire

Acadamh Dhroichead na Banna, Contae an Dúin – Scoil ghramadaí chomhoideachais rialaithe (roghnaitheach) le thart ar 1300 scoláire

Ardscoil Naomh Iósaf do Bhuaicillí, An tIúr, Contae an Dúin - Scoil Chaitliceach neamhroghnaitheach faoi chothabháil do bhuaicillí le thart ar 618 scoláire

Córais scoile

Gnáthraon aoise	Deisceart na hÉireann	Tuaisceart Éireann
10-11	Bunscoil – Rang a Cúig	Bunscoil – bliain 7 Cumarsáid (LDCCanna 1 go 5)
11-12	Bunscoil – Rang a Sé	Bliain 8 – Eochairchéim 3
12-13	Sraith Shóisearach 1 ^ú Bliain	Bliain 9 – Eochairchéim 3
13-14	Sraith Shóisearach 2 ^ú Bliain	Bliain 10 – Eochairchéim 3 Cumarsáid (LDCCanna 1 go 7)
14-15	Sraith Shóisearach 3 ^ú Bliain Teastas Sóisearach ag Bonnleibhéal, Gnáthleibhéal nó Ardleibhéal. Ní bhíonn an Bonnleibhéal ann ach do Ghaeilge, Béarla agus Matamaitic	Bliain 11 – Eochairchéim 4
15-16	Idirbhliain (Neamhéigeantach)	Bliain 12 – Eochairchéim 4 TGO ag Bonnleibhéal nó Ardleibhéal
16-17	Sraith Shinsearach 5 ^ú Bliain	Bliain 13 – Séú Foirm TGO (Leibhéal AS)
17-18	Sraith Shinsearach 6 ^ú Bliain Ardteistiméireacht ag Bonnleibhéal, Gnáthleibhéal nó Ardleibhéal. Ní bhíonn an Bonnleibhéal ann ach do Ghaeilge agus Matamaitic.	Bliain 14 – Séú Foirm TGO (Leibhéal A)

Foilseacháin ábhartha

Adolescent Literacy: A Position Statement of the International Reading Association, International Reading Association, 2012

A Joint Report by the Education and Training Inspectorate and the Department of Education and Skills inspectorate on How Best to Promote and Improve Literacy and Numeracy in our Schools, ETI & DES, 2010

<http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-primary/surveys-evaluations-primary-2010/a-joint-report-by-eti-and-des-on-how-best-to-promote-and-improve-literacy-and-numeracy-in-our-schools-dec-2010.pdf>

Better English, ETI, 2011

<http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-post-primary/surveys-evaluations-post-primary-2011/better-english.htm>

Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012, An Roinn Oideachais agus Scileanna 2012

<https://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/Chief-Inspector%E2%80%99s-Report-2010-2012-Main-Report.pdf>

Chief Inspector's Report 2010-2012, ETI, 2012

<http://www.etini.gov.uk/index/support-material/support-material-general-documents-non-phase-related/the-chief-inspectors-report/ci-report-2012.pdf>

Count, Read: Succeed – a strategy to improve outcomes in literacy and numeracy

http://www.deni.gov.uk/count_read_succeed_a_strategy_to_improve_outcomes_in_literacy_and_numeracy.pdf

An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES), 2007

Effective Vocabulary Instruction, A Reading First Quality Brief, National Center for Reading First, 2008

Every School a Good School – a policy for school improvement

http://www.deni.gov.uk/esags_policy_for_school_improvement_final_version_05-05-2009.pdf

Final Report of the EU High Level Group of Experts on Literacy, 2012

ec.europa.eu/education/policy/school/doc/literacy-report_en.pdf

Gearing Up for the Exam: The Experience of Junior Certificate Students, Liffey Press, 2007

Improving Adolescent Literacy: Effective Classroom and Intervention Practices, National Center for Education Evaluation and Regional Assistance, 2008.

Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011

http://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/lit_num_strategy_full_ir.pdf

Looking at English, DES, 2007

http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/insp_looking_at_english_pdf.pdf

Moving Up. The Experiences of First-Year Students in Post-Primary Education, Liffey Press, 2004

Pathways through the Junior Cycle: the Experience of Second Year Students, Liffey Press, 2006

PISA 2012 Results: What Students Know and Can Do

Féinmheastóireacht Scoile: Treoirínte d'Iarbhunscoileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012

Survey of Best Practice in English and mathematics in Post-primary Schools, ETI, 2013
Include

<http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-post-primary/surveys-evaluations-post-primary-2013/best-practice-in-english-and-mathematics-in-post-primary-schools.pdf>

Together Towards Improvement (Post-primary), ETI, 2009

<http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-post-primary.pdf>